

Príomhtheachtaireachtaí d'oideasóirí ospidéil

Cúraimí

- Áirítear iad seo a leanas leis na cúraimí atá ort mar oideasóir ospidéil maidir le húsáid antaibheathach a fheabhsú [31,42,43,52-54,56,70,71,90]:
 - Antaibheathaigh a oideasú de réir threoirlínte fianaisebhunaithe an ospidéil um úsáid antaibheathach le haghaidh ionfhabhtuithe coitianta agus próifíolacsas máinliachta;
 - Cúlra an othair aonair ábhartha a shainaithint le linn meastóireacht a dhéanamh ar an ngá le hoideas antaibheathach, lena n-áirítear úsáid antaibheathach le déanaí, ailléirgí i leith drugaí, úsáid teiripe imdhíon-sochtaí, ospidéalú nó institiúidiú le déanaí, taisteal lasmuigh den Eoraip le déanaí, agus torthaí micribhitheolaíocha do na 3 mhí roimhe;
 - An tásc ar chóireáil antaibheathach, an druga atá roghnaithe, an dáileog, an modh tugtha agus fad na cóireála a thaifeadadh i gcairt an othair agus antaibheathach á oideasú agat;
 - Cloí leis an treoir um ionfhabhtú a chosc agus a rialú;
 - A chinntiú go dtógtar saothráin ábhartha sula dtosaítear ar chóireáil antaibheathach;
 - An chóireáil a athmheas tar éis tréimhse 48-72 uair nó a luaithe a bhíonn torthaí na samplaí micribhitheolaíocha ar fáil;
 - Cóireáil antaibheathach a thosú a luaithe is féidir le haghaidh othair a bhfuil ionfhabhtú tromchúiseach orthu;
 - Breithniú a dhéanamh ar phatrúin áitiúla i micribhitheolaíocht agus i bhfrithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach agus cóireálacha eimpíreacha antaibheathach á n-oideasú agat;
 - Othair a chur ar an eolas faoi aon antaibheathaigh a oideasáodh agus faoi na hiarmhairtí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith acu; agus
 - Páirt a ghlacadh i gcúrsaí bliantúla oiliúna maidir le húsáid stuama antaibheathach.

Na nithe ba cheart a bheith ar eolas agat

- Má bhaintear úsáid as treoir um úsáid antaibheathach agus má fhreastalaítear ar sheisiúin oideachasúla, feabhsófar cáilíocht an oideasaithe antaibheathach [78].
- Má dhéantar an tásc, an druga atá roghnaithe, an dáileog, an modh tugtha agus fad na cóireála a thaifeadadh i gcairt an othair, bainfear úsáid níos fearr as antaibheathaigh [71].

4. Má oideasaítear an fad fianaisebhunaithe is giorra le haghaidh cóireáil antaibheathach, laghdófar teacht chun cinn baictéar atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach [54,56,71,91].

5. Má dhéantar próifíolacsas antaibheathach a uainiú i gceart le haghaidh máinliachta agus má mhaireann sé an fad barrmhaith, laghdófar an líon ionfhabhtuithe ar an láthair mháinliachta agus laghdófar teacht chun cinn baictéar atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach [73].

6. Má thógtar samplaí micribhitheolaíocha sula dtosaítear ar theiripe eimpíreach antaibheathach agus má chuíchóirítear an chóireáil antaibheathach bunaithe ar thorthaí saothráin, cabhrófar le húsáid antaibheathach a fheabhsú [31,70,71].

7. Má dhéantar athbhreithniú ar an gcóireáil antaibheathach tosaigh tar éis tréimhse 48–72 uair agus má aistrítear ó thabhairt phaireintreach go tabhairt bhéil (nuair is féidir), laghdófar rátaí frithsheasmhachta in aghaidh antaibheathach agus cuirfear feabhas ar thorthaí cliniúla [37,54,57,71,92,93].

8. Má théitear i gcomhairle leis an bhfoireann maoirseachta antaibheathach, méadófar cáilíocht an oideasaithe drugaí agus cuirfear feabhas ar thorthaí othar [56,83].

Sampla

9. Ba é an toradh ar aistriú cógaiseoirtheoraithe ó thabhairt phaireintreach go tabhairt bhéil ná gur giorraíodh fad na teiripe paireintrí gan aon difear diúltach a dhéanamh do thorthaí cliniúla [56].

10. Tá sé ráite gur féidir le hidirghabhálacha ó speisialtóirí galar tógalach feabhas suntasach a chur ar cháilíocht an oideasaithe antaibheathach agus laghdú a dhéanamh ar úsáid antaibheathach ag an am céanna [83].

Na nithe is féidir leat a dhéanamh

11. Cloí le prótacail chóireála antaibheathach atá bunaithe ar threoirlínte fianaisebhunaithe, agus na bearta um ionfhabhtú a chosc agus a rialú atá bunaithe i do shuíomh a chur i bhfeidhm [31] [comhdhearcadh saineolaithe].

12. Dul i gcomhairle leis an bhfoireann maoirseachta antaibheathach, de réir mar is gá, agus antaibheathach á oideasú agat lasmuigh de na gnáth-threoirlínte [31,56] [comhdhearcadh saineolaithe].

13. Gan tosú ar chóireáil antaibheathach ach amháin i gcás go bhfuil fianaise ann ar ionfhabhtú baictéarach, agus gan coilíniú a chóireáil [31,72].

14. Próifíolacsas neamhriachtanach antaibheathach a sheachaint [31,73].

15. Má fheiceann tú baill foirne san ospidéal nó i suíomh cúram sláinte atá ag sárú treoirlínte nó prótacal, fiafraigh díobh cén fáth a bhfuil an méid sin á dhéanamh acu agus tabhair dóibh na hacmhainní a theastaíonn chun a thuiscint cá bhfuil siad ag dul ar strae [comhdhearcadh saineolaithe].

16. Na ceisteanna tábhachtacha seo a leanas a fhreagairt chun teiripe antaibheathach a bharrfheabhsú. Má bhíonn aon amhras ort, téigh i gcomhairle leis an bhfoireann maoirseachta antaibheathach [31,42,53,70,71]:

a) An bhfuil ard-dóchúlacht ann go dtiocfaidh ionfhabhtú baictéarach chun cinn,

seachas coilíniú nó ionfhabhtú víreasach?

- b) Ar tógadh na saothráin chuí sular tosaíodh ar theiripe antaibheathach?
- c) Ar sheiceáil tú an fhaisnéis seo a leanas maidir leis an othar: úsáid antaibheathach le déanaí, ailléirgí i leith drugaí, úsáid teiripe imdhíon-sochtaí, ospidéalú nó institiúidiú le déanaí, taisteal lasmuigh den Eoraip le déanaí, agus torthaí micribhitheolaíocha do na 3 mhí roimhe?
- d) An bhfuil ionfhabhtú ar an othar a fhreagróidh d'antaibheathaigh?

Má tá:

- i. An bhfuil an t-antaibheathach ceart/na hantaibheathaigh chearta, an dáileog cheart agus an modh tugtha ceart á bhfáil ag an othar?
- ii. An bhféadfaí antaibheathach lena ngabhann speictream níos cúinge a úsáid chun an t-ionfhabhtú a chóireáil?
- iii. Cé chomh fada agus ba cheart don othar an t-antaibheathach/na hantaibheathaigh a thógáil?

17. An tásc ar chóireáil antaibheathach, an druga atá roghnaithe, an dáileog, an modh tugtha agus fad na cóireála a thaifeadadh i gcairt an othair [31,42,70,71].

18. Gníomhú mar dhea-fhoinsé faisnéise do d'othair agus cabhrú leo an tábhacht a bhaineann le húsáid stuama antaibheathach a thuiscint. A chinntiú go dtuigeann othair (agus a dteaghlach) na cúiseanna le teiripe antaibheathach agus na pointí tábhachtacha a bhaineann le húsáid antaibheathach, lena n-áirítear iad seo a leanas [comhdhearcadh saineolaithe]:

- a) Antaibheathaigh a thógáil go díreach mar a oideasaíodh iad;
- b) Gan antaibheathaigh a choinneáil dá n-úsáid tráth níos déanaí;
- c) Gan antaibheathaigh atá fágtha ó chóireálacha roimhe seo a úsáid;
- d) Gan antaibheathaigh atá fágtha a chomhroinnt le daoine eile.